Tá féilte mar príomhthiománaí ag turasóireacht áitiúil agus cuireann siad deiseanna ar fáil le cultúr, daoine agus áiteanna a léiriú. Cuireann siad go mór le turas an chuairteora agus tá siad riachtanach chun líon na dturasóirí agus an ioncain a scaipeadh ar fud na tíre. I rith 2009, bhí féilte fíor-riachtanach do cheantracha áirithe, áit a ndearna titim ar an líon a bhí ag teacht ó thar lear bagairt ar inmharthanacht an tionscail turasóireachta áitiúil. Dhírigh Fáilte Ireland a chuid acmhainní teoranta chun an éifeacht is mó a bhaint amach as an méid féilte agus ab fhéidir i 2009.

Leanann Éire ag mealladh imeachtaí spóirt ollmhóra lena mbaineann deiseanna turasóireachta. Bá é buaicphointe 2009 ná an *Volvo Ocean Race* a tháinig go Gaillimh sa mBealtaine agus mheall sé an lucht féachana is mó do thurasóireacht na hÉireann ón *Ryder*

Cup i 2006. D'éirigh go han mhaith leis an imeacht seo – ag mealladh 650,000 lucht féachana agus chruthaigh toradh eacnamaíochta de bhreis is €55m do Ghailimh agus d'Éirinn.

Tugann reáchtáil imeachtaí ar nós an *Volvo Ocean Race* an deis d'Éirinn, ní hamháin breis gnó ó na cuairteoirí ó thar lear a thabhairt isteach, ach clúdach dearfach agus substaintiúil ar Éirinn a chur ar na meáin, mar áit d'ardchaighdeán chun teacht ar saoire ann agus mar shuíomh do thurasóireacht mara.

Thacaigh Fáilte Ireland leis an *World Rally Championship* freisin, ní a mheall líon mór lucht féachana chuig an lathuaisceart agus léirigh saoráidí ar ardghrád, tírdhreach áilleachta agus cósta iontach do lucht féachana domhanda. Ba deascála a bhí san fhógra gur in Éirinn a bheidh an Sollheim Cup i 2011 ó thaobh an ghailf agus tabharfaidh sé a thuilleadh deiseanna dúinn forbairt an margaidh fhíorthábhachtaigh gailf a chur chun cinn don tír. Ina theannta sin, tá an 3 Irish Open, anois ar cheann de na comórtais gailf is tábhachtaí san Eoraip, agus is iontach an íomhá é do ghalf na hÉireann agus d'Éirinn í fhéin.

Gineann imeachtaí den sórt sin torthaí eacnamaíochta don tír agus cothaíonn go leor gnóthaí turasóireachta. Bíonn an dara feidhm (ach ceann níos teibí) ag an ngníomhaíocht seo, áfach. Creidim gur chuir reáchtáil Volvo, mar shampla, dea-aoibh ar an tír ar fad i rith bliana a bhí ar dóigh sách guama.

Agus creidim go gcuirfidh turasóireacht go suntasach le hathbhorradh eacnamaíochta na tíre agus creidim freisin go mbeidh an turasóireacht, go háirithe tríd ár gcultúr agus ár n-imeachtaí, lárnach ó thaobh



théarnamh síceolaíochta na tíre agus cuideoidh le cuid den mhuinín agus den dearfach atá cailte againn le blianta beaga anuas a thabhairt ar ais.

Ní éiríonn le haon ghníomhaireacht aisti féin agus ba mhaith liom béim a chur ar an tábhacht a chuireann muide, i Fáilte Ireland, ar an dlúthchaidreamh atá againn lenár gcuid comhpháirtithe san earnáil turasóireachta, leis na hÚdaráis áitiúla, agus go háirithe leis na comhlachtaí ionadaíocha tionscail. Tá tábhacht ollmhór lena rannpháirtíocht agus lena tacaíocht luachmhar leanúnach d'fhorbairt na turasóireachta.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil freisin le comhaltaí Údaráis Fáilte Ireland as ucht a gcuid ama, fuinnimh, agus taithí a thabhairt go flaithiúil don obair a dhéanann Fáilte Ireland. Agus ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le Pádraig Ó Céidigh a d'éirigh as an Údarás i Mí Deireadh Fómhair agus ba mhaith liom gach ghuí a chur air ina ról nua mar chathaoirleach ar Fáilte Ireland West.

Thar ceann an Údaráis, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Shaun Quinn agus a fhoireann ar fad i Fáilte Ireland as ucht a gcuid dúthrachta chun turasóireacht na hÉireann a fhorbairt ar feadh 2009. Tá a fhios agam go bhfuil an tionscal turasóireachta tríd is tríd buíoch freisin.

Mar fhocal scoir ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl don iar-Aire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta, Martin Cullen, as ucht a chuid tacaíochta a bhí flaithiúil do thionscal turasóireachta na hÉireann ar feadh 2009.

Ó tharla na himeachtaí a bhfuil cur síos orthu sa tuarascáil seo, tá fáilte curtha againn roimh Aire nua Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt, Mary Hanafin, T.D. Is

comhartha maith don turasóireacht é go bhfuil Aire chomh ábalta agus chomh fuinniúil ag déileáil leis na cúraim thábhachtacha seo.

Go deimhin, údar misnigh dom gur cosúil go bhfuil níos mó tuisceana ag leibhéal náisiúnta faoin tábhacht a bhaineann leis an turasóireacht d'eacnamaíocht na hÉireann. I mbuiséad 2010, díriodh ar an turasóireacht go sonrach agus go deimhin, ba ní neamhchoitianta an chaoi ar cuireadh maoiniú caipitil suntasach breise ar fáil.

Is tionscal é seo a ghineann beagnach 200,000 post agus €5.3 billiún in ioncam. B'fhéidir go ndearnadh neamhaird de sin nuair a bhí an borradh ann, agus gur bhreathnaigh an earnáil airgeadais agus tionscail IT agus tionscail chógaisíochta níos mealltaí. Má tá Éire chun a theacht as an gcúlú domhanda ina bhfuilimid i láthair na huaire, is easpórtáil a bheidh chun tosaigh á dhéanamh sin. Mar go bhfuil an chuid is mó den ioncam €5.3 billiún sin ag teacht ó thar lear, is cuid mhór í an turasóireacht d'infreastruchtúr easpórtála na hÉireann. Tá níos mó agus níos mó daoine anois den tuairim mar sin nach féidir talamh slán a dhéanamh den turasóireacht agus is gineadóir suntasach í do ghníomhaíocht eacnamaíochta don tír seo.

Leanfaidh Fáilte Ireland ag brú cás na turasóireachta ar aghaidh sna blianta amach romhainn.



Redmond O'Donoghue
Cathaoirleach





“Is tionscal é seo a ghineann beagnach 200,000 post agus €5.3 billiún in ioncam. B’fhéidir go ndearnadh neamhaird de sin nuair a bhí an borradh ann, agus gur bhreathnaigh an earnáil airgeadais agus tionscail IT agus tionscail chógaisíochta níos mealltaí”

Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh



Shaun Quinn, Príomhfheidhmeannach

Chríochnaigh Fáilte Ireland a sheachtú bliain agus an bhliain ba dhúshlánaí fós ag feidhmiú mar an ghníomhaireacht rialtais chun fiontar turasóireachta na hÉireann a fhorbairt i 2009. Chruthaigh an t-athrú mór ón mbealach a raibh ag éirí le gnóthaí turasóireachta le linn blianta rathúla fáis go dtí an lagtrá sciobtha leanúnach i mbliain amháin fadhbanna móra diana a d'éiligh straitéis gníomhaireachta nua agus cinn dhírthe le béim faoi leith ar thacaíocht a thabhairt d'fhiontar turasóireachta a bheadh inmharthana.

Lean agus dhoimhnigh an cúlú sa turasóireacht a bhí ann ag deireadh na bliana 2008 isteach go séasúr 2009. Ag leibhéal fiontraíochta, chruthaigh brúnna iomaíochais chun costais a laghdú agus an gá le sreabhadh airgid séasúrach chun saoráidí creidmheasa gearrthréimhseacha a chinntiú agus éileamh idirnáisiúnta níos laige an séasúr ba dhúshlánaí do thurasóireacht na hÉireann le blianta fada.

Mar thoradh ar na fachtóirí sin, chúngaigh turasóireacht in Éirinn i 2009, tharla titim shuntasach ar thuillteanais ag baile agus sa teacht isteach trasna na réigiún ar fad. Thit fostaíocht freisin.

Tá caiteachas turasóireachta den chuid is mó lánroghnach agus dá bhrí sin níorbh údar iontais méid na titime sa tuillteanas turasóireachta in Éirinn agus ag cinn scríbe turasóireachta iomaíocha eile i gcomhthéacs an chúlú eacnamaíochta a bhí ag

teacht chun cinn. Mar sin féin, tá cumas na turasóireachta, earnáil dhúchasach, a theacht ar ais go sciobtha mar inneall do bhorradh eacnamaíochta agus d'fhás fostaíochta, cruthaithe agus léirithe go minic agus is príomhthosaíocht do Fáilte Ireland mar an t-údarás forbartha náisiúnta don turasóireacht, le comhpháirtithe tionsclaíocha, an cumas sin a úsáid.

Mar sin bhí ar gcuid iarrachtaí le linn 2009 dírithe ar dhá réimse leathana. Ar an gcéad dul síos tacú le fiontair thurasóireachta inmharthana déileáil leis na deacrachtaí sa mhargadh faoi láthair agus fostaíocht a chothabháil trí raon tacaíochtaí gnó sainoiriúnaithe agus idirghabhálacha margaíochta a sholáthar. Ar an dara dul síos bhí ár gcuid infheistíochta agus ár gcuid iarrachtaí forbartha dírithe arna chinntiú go raibh na seirbhísí agus na táirgí turasóireachta i bportfoliú na hÉireann 'oiriúnach don ní' chun go mbeadh an tionscal réitithe go maith chun leas a bhaint as an mborradh a bhfuil súil leis i gcoinníollacha an mhargadh.

Comhlíonadh straitéis chorparáideach nua ag leagan amach ár gcuid tosaíochtaí agus gníomhartha spriocdhírthe sa chéim dhúshlánach seo don turasóireacht i 2009.

FEIDHMÍOCHT TURASÓIREACHTA

Tharla a thuilleadh titim ghéar ar an tionscal turasóireachta agus lean an cúlú eacnamaíochta idirnáisiúnta ag cur srian ar ghníomhaíocht turasóireachta sna margaí baile agus ar na margaí idirnáisiúnta. Meastar gur 6.6m an líon turasóirí ó

thar lear a bhí i gceist don bhliain – Sin 12% níos lú ná i 2008. Thit tuillimh mhalartuithe eachtracha 19% freisin go €3.88 billion san iomlán sa tréimhse dhá mhí dhéag.

Laistigh den treocht sin na titime bhí lion na gcuairteoirí as an mBreatain tite 15% i 2008, go príomha de bharr éileamh a bheith lag agus laige an sterling in aghaidh an euro, agus bhí titim 6% agus 9% ar an teacht isteach ó Mheiriceá Thuaidh agus ó Mhórchóir na hEorpa faoi seach.

Bhain roinnt margaí Eorpacha fás amach i 2009, agus taifeadh gnó ardaithe san Iodáil, sa Bheilg, sa Spáinn agus sa Phortaingéil. Chláraigh na margaí atá ag teacht chun cinn in Oirthear na hEorpa titim shuntasach áfach, i gcomparáid le 2008. Mar thoradh ar a thuilleadh titime suntasaí ón Astráil agus an tSeapáin, bhí titim 11% i ar theacht isteach ó na margaí i bhfad ó bhaile.

Ní raibh aon athrú ar an líon turas baile a thóg daoine a chónaíonn in Éirinn i 2009 i gcomparáid le 2008 ag 8.3m turas, le caiteachas tite 10% go €1.4 billiún. Bhí titim ar an líon saoire ag baile, síos 8% go 4.0m, le caiteachas cuí ag €0.8 billion.

Bhí sástacht custaiméirí le táirge turasóireachta na hÉireann fós ard sna tréimhsí dúshlánach sin. I gcás 94% den lucht saoire ó thar lear, bhí saoire in Éirinn níos fearr nó chomh maith agus a cheapadar a bheadh sí agus dúirt 98% go molfaidís saoire in Éirinn dá muintir agus dá gcairde. I measc lucht saoire ag baile, bhain an leibhéal sástachta 97% amach.

Is é is dócha go mbeidh an timpeallacht oibríochta do ghnóthaí turasóireachta in Éirinn an-chrua sa ghearrthéarma go meántéarma. Tá roinnt fachtóirí, mar na rataí malartaithe agus na deacrachtaí eacnamaíochta atá inár margaí foinsí, lasmuigh go maith de thionchar an tionscail, ach fós beidh tionchar suntasach acu ar fheidhmíocht fhoriomlán sna chéad cúpla bliain eile.

AG TACÚ LE FIONTAIR THURASÓIREACHTA INMHARTHANA

I rith 2009, chuir Fáilte Ireland tacaíocht phraiticiúil ar fáil do bheagnach 3,000 fiontar turasóireachta. Léirigh na raon tacaíochtaí a cuireadh ar fáil athrú ar riachtanais fiontraíochta i dtreo táirgiúlachta, athstruchtúrú airgeadais, ríomhthráchtála, spreagadh éilimh agus cúram custaiméirí.

Bhí feabhas ar an gcumas ardbhainistíochta agus bainistíocht láir feadh raon disciplíní mar an príomhfhócas gníomhaíochtaí. Ar an iomlán, ghlac os cionn 1,200 bainisteoir páirt i gclár forbartha bainistíochta le tacaíocht ó Fáilte Ireland a bhí dírithe ar na dúshláin a chruthaíonn an cúlú eacnamaíochta faoi láthair. Bhí na hidirghabhálacha ar fad ceaptha go sonrach do chliaint turasóireachta. Ghlac 1,000 feidhmeannach eile páirt i gclár forbartha ghairmiúla a bhí leanúnach. Leanann aiseolas rannpháirtithe ag léiriú tionchar dearfach ar fheidhmíocht gnó trí laghduithe costas, feabhsú ar chaighdeán, agus/nó níos mó díolacháin.

Ní hionann agus blianta eile, bhí athrú béime ar thraenáil scileanna/oibreacha d'iontrálaithe nua go dtí daoine a bhí fostaithe mar bheart chun poist a chothabháil agus táirgiúlacht a fheabhsú ag leibhéal fiontair. Faoi dheireadh na bliana, bhí leas bainte ag beagnach 6,000 fostaí as an tsraith idirghabhálacha seo.

Leathnaíodh amach *Business Mentoring and Advisory Service* (Bizcheck) nua ar bhonn náisiúnta i 2009, agus cuireadh saineolas ar fáil do chliaint tionscail trasna na bpríomh fheidhmeanna gnó, lena n-áirítear margaíocht, airgeadas, acmhainní daonna, scileanna gnó ginearálta agus scileanna teicniúla oibríochta. Bhí an tseirbhís seo dírithe ar fhiontair a bhí ag fulaingt deacrachtaí oibríochta faoi leith agus a raibh idirghabháil speisialta de dhíth orthu. Bhain os cionn 250 gnó leas as an tseirbhís seo agus is oibríochtaí inmharthana ar fad fós



iad. Ba fhorbairt thábhachtach eile i 2009 ná seoladh fhoireann uirlisí diagnóisí idirghníomhach ar-líne nua '*Business Tools*' do ghnóthaí turasóireachta. Ón méid ata le tuiscint go dtí seo, tá glacadh substaintiúil leis an tseirbhís ag roinnt earnálacha i dtionscal na turasóireachta.

I réimse na ríomhthráchtála, cuireadh raon idirghabhálacha ar fáil, lena n-áirítear ceardlanna *Web Skills* dírithe go háirithe ar dhíolachán ar-líne agus barrfeabhas ar inneall cuardaigh. Cuireadh a thuilleadh forbartha ar ár dtionscnamh *ríomhghnó* a bhfuil gradam buaite aige agus bhain sé amach clochmhíle mhór agus é ag tacú le os cionn 1,600 gnó chun a gcuid scileanna ríomhghnó a fheabhsú agus a dteacht i láthair líonra a fheabhsú. Bhain an tionscnamh seo amach duais eile fós, an "*Best Project Management Award*", ag Gradaim IT ríomhsheirbhísí an rialtais 2009.

Lean ár *Tourism Learning Networks* ag soláthar tacaíocht luachmhar do ghnóthaí turasóireachta beaga ag leibhéal áitiúil ar fud na tíre. Ar chúiseanna lóistíochtúla agus eile, níl na gnóthaí seo oiriúnach d'idirghabhálacha 'traenála' foirmiúil agus traidisiúnta. I 2009, ghlac os cionn 350 úinéir agus bainisteoir ó raon leathan fiontar beag agus SMEanna páirt in ár *Tourism Learning Networks*. Déanadh athchóiriú ar an gclár líonra chun deis a thabhairt do na rannpháirtithe leas a bhaint as na príomhsheisiúin ar phleanáil gnó. Tugadh isteach roinnt líonraí 'téamúla' freisin, lena n-áirítear *Activity & Adventure, Food, Culture & Heritage, agus Spiritual*. Cé go bhfuil an t-aiseolas dearfach, luíonn an buntáiste is suntasaí le húinéirí agus bainisteoirí a mhealladh isteach i gcláir struchtúrtha féinforbartha.

Tugadh isteach *Service to Sales Programme*, nua chun tacú le bialanna agus óstáin i 2009. Agus é a chur in oiriúint ón gclár 'Pencom' atá aitheanta go hidirnáisiúnta, rinneadh *Service to Sales* a phíolótú go rathúil agus tá os cionn 500 fostaí bialann tar éis leas a

bhaint as go dtí seo. Leathnaíodh amach sraith ceardlann faoin ainm *Sweat the Menu, Reduce the Costs, Savour the Profits* trasna na tíre i 2009. Ghlac os cionn 100 úinéir bialainne agus bainisteoir cócairí díograiseacha páirt, agus rinneadh plé oscailte agus comhchomhairle faoi cheannach cliste, pleanáil biachlár nuálach, costais a rialú agus and innealtóireacht biachlár.

In ainneoin an laghdaithe ar na leibhéil fostaíochta i rith na bliana bhí éilimh fós ann, cé go raibh laghdú air, ar fhoireann oile i ndisciplíní aíochta agus turasóireachta sonracha. Mar thoradh air sin lean Fáilte Ireland ag soláthar oiliúint chreidiúnaithe agus tacaíocht oideachais do dhaoine fásta agus do dhaoine a bhí tar éis an scoil a fhágáil agus a bhí ag lorg fostaíochta in earnáil na turasóireachta. San iomlán, ghlac thart ar 2,600 duine páirt agus bunaithe ar mhonatóireacht neamhspleách ar na cláir sin, tá fostaíocht agus coinneáil foirne leis an tionscal fós an-ard ag os cionn 80%.

MARGAÍOCHT AGUS CUR CHUN CINN

Chiallaigh an laige leanúnach ar na príomh-mhargáí ó thar lear gur chuir go leor gnóthaí turasóireachta béim faoi leith ar an margadh saoire baile i 2009. Mar an ghníomhaireacht atá freagrach as an margadh baile a fhorbairt agus a chur chun cinn, threisigh Fáilte Ireland a fheachtas margaíochta il-mheán lánpháirtithe *Discover Ireland*, agus dhírigh ar na meáin náisiúnta agus réigiúnacha, raidió agus teilifís. Bhain an feachtas teilifíse, a rith go dtí Meán Fómhair, amach 95% den sprioc lucht féachana. Cuireadh i bhfeidhm freisin feachtas dian raidió agus meán a dhírigh ar fhéilte agus ar imeachtaí, agus a bhain amach uimhreacha chomh ard céanna.

Déanadh cúig fhorlíonadh shéasúracha do *Discover Ireland* a chló i rith 2009 agus scaipeadh iad trí post díreach, forlíonta páipéir, Oifigí Eolais Turasóireachta,



agus ar sheónna tomhaltóirí éagsúil. Déanadh beagnach 2.5m cóip de na bróisiúir séasúracha a chló agus a scaipeadh, in éineacht le 250,000 cóip den bhróisiúr bliantúil.

Thug os cionn 1,100 iriseoir ó 21 spriocmhargadh thar lear cuairt ar Éirinn i 2009. Orthu sin bhí iriseoirí de chuid na teilifíse, an raidió, na páipéir nuachta, irisí, agus na meáin ar-líne. Bhí os cionn 4,600 craolachán ngus foilseachán suntasach mar thoradh ar na turais sin, luach fógraíochta measta de os cionn €162m agus sroicheadh lucht féachana de 1.2 billiún.

I Mí an Aibreáin, reáchtáladh ár gceardlann trádála bhliantúil, Meitheal, in Óstán an Burlington, i mBaile Átha Cliath, agus d'fhreastail os cionn 281 ceannaitheoir ó thar lear agus 300 soláthraí Éireannacha air.

TÁIRGE AGUS SEIRBHÍSÍ TURASÓIREACHTA

Déanadh dul chun cinn leanúnach i 2009 le cur i bhfeidhm straitéis forbartha táirge Fáilte Ireland. B'fheithicil lárnach sa straitéis seo an clár infheistíochta caipitil turasóireachta, a bhí mar pháirt den phlean forbartha náisiúnta.

Ceadaíodh €9.3m go luath i 2009 chun na nithe is mó tarraingtí a athchóiriú, lena n-áirítear comhpháirtíocht thábhachtach le Oifig na nOibreacha Poiblí chun an Sciathán Thoir den teach stairiúil i gCo. Chill Dara *Castletown House* a chur in oiriúint. I ndiaidh bhunú Scéim Infheistíochta Infreastruchtúir Turasóireachta do Shlí na Sionainne Láir i 2008, ceadaíodh an chéad tionscnamh i bprionsabal, €8.9m san iomlán, i 2009.

Tá dul chun cinn faoi lántseoil maidir leis an gclár náisiúnta do léirmhíniú agus comharthaíocht bhealaí siúil ár 100 baile stairiúil is mó aird a chur i bhfeidhm. Tá na hoibreacha comhlíonta i 15 de na bailte sin agus mapaí cosán siúil is féidir a fóschoipeáil curtha ar fáil ar


láithreán gréasán *Discover Ireland*.

I dteannta na ndreasachtaí a dhéanaimid a riaradh go díreach, bhíomar ag déileáil go gníomhach le gníomhaireachtaí stáit eile chun an tionchar is mó agus is féidir a fháil ón €45.4m a leithroinneadh don turasóireacht laistigh de na Cláir Forbartha Tuaithe agus Leader. Cuireadh seirbhísí comhairleacha forleathana ar fáil freisin i rith na bliana don 150 infheisteoir turasóireachta a d'fhéadfadh a bheith ann, agus b'ábhar misnigh an tsuim a léirigh tionscnóirí ó thar lear chomh maith le tionscnóirí ag baile.

Tá an lucht saoire atá ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí áineasa in Éirinn ag fás go fóill, agus ghlac os cionn milliún cuairteoir ó thar lear páirt i ngníomhaíochtaí mar shiúlóid, rothaíocht, agus spóirt eachaíochta agus uisce i 2009. Tugadh a thuilleadh tacaíochta agus forbartha do na taitneamhachtaí seo chomh maith le láithreacha oidhreacht agus cultúir a bhfuil tóir orthu i gcónaí i rith 2009.

I rith 2009 freisin, thacaíomar le 120 comhdháil idirnáisiúnta, a thug isteach os cionn 52,000 ionadaí ó thar lear go hÉirinn agus teacht isteach de thart ar €72m d'eacnamaíocht na hÉireann. Aithníodh beagnach 430 ambasadóir comhdhála a d'fhéadfadh a bheith ann – a chuireann Éire chun cinn thar lear mar ionad gnó – cuireadh 60 ambasadóir comhdháil in aithne don Biúró Comhdhálacha. I dtéarmaí ghiniúint gnó, tá an cumas ann breis is 48,000 ionadaí agus ioncam de €67.5m san iomlán a chruthú.

Lean Fáilte Ireland ag infheistiú go trom i dtáirge na bhféilte i rith 2009. Bronnadh €3.6m ar 161 féile i rith na bliana. Ar bhuacphointí na bliana bhí an *Guinness Jazz Festival*, *Galway Arts Festival*, *Kilkenny Arts Festival* agus an Rás Farraige Volvo. Ghlac thart ar 46% de chuairoteoirí ar Éirinn ó thar lear páirt i ngníomhaíochtaí cultúir de shaghas éigin i 2009, agus d'fhreastail thart ar



376,000 díobh sin ar fhéilte agus iad ag tabhairt cuairt ar Éirinn. Ina theannta sin measann taighde a choimisiúnaigh Fáilte Ireland i 2009 gur fhreastail duine as triúr nó 1.1m duine fásta Éireannacha ar a laghad ar fhéile amháin in Éirinn.

Is tiománaí suntasach fós é an Spórt i gcúrsaí turasóireachta agus, i 2009, le buiséad d'os cionn €8m, aithníodh naoi n-imeacht spóirt suntasacha agus tugadh tacaíocht dóibh faoinár *International Sports Tourism Initiative*.

FÁILTEACHAS AGUS CAIGHDEÁIN

Rinneadh forbairt ar *National Standards and Quality Framework* (NSQF) nua i 2009 do na hearnálacha cóiríochta agus neamhchóiríochta ar fad. Agus gnóthaí turasóireachta ag déanamh dul chun cinn trí leibhéil incriminteacha an chreat oibre, thosaigh siad sin a bhí ag obair iontu ag aithint an bhuntáiste iomaíochais chriticiúil a thagann ó chleachtais ghnó níos fearr agus as fócas ar tháirge den scoth.

Déanadh uirlis athnuaite ar-líne níos fearr a fhorbairt agus a sheoladh i 2009 chun próiseas faofa Fáilte Ireland a éascú. Tá an uirlis seo á forbairt anois do roinnt táirgí eile lena n-áirítear galf, spánna agus eachaíocht.

Déanadh córas dearbhaithe cáilíochta do ghalfchúrsaí a fhorbairt, a phiólótú, agus a chur i bhfeidhm i gcomhar leis an tionscal. Tá sé mar aidhm aige seo gnó nua a spreagadh agus dul i ngleic le dearcaí diúltacha.

I 2009, déanadh athbhreithniú ar an iniúchadh folláine agus spá agus próiseas catagóirithe chun cur le critéir laistigh de gach catagóir agus treoir deachleachtas d'oibríteoirí a chur san áireamh. Déanadh iniúchadh ar 45 spá ar fad agus bronnadh a gcuid teastas catagóirithe orthu i Mí na Nollag.

Ghlac 170 foras, óstáin den chuid is mó, páirt sa *Optimus Programme* – clár cáilíochta seirbhíse Fáilte Ireland – agus bhain siad leas as raon idirghabhálacha forbartha lena n-áirítear meantóireacht, traenáil agus ceardlanna caighdeáin.

POLASAÍ AGUS TODHCHAÍOCHTAÍ

I rith 2009, chuaigh Fáilte Ireland i mbun tionscadal taighde éagsúil agus staidéir eile chun réasúnacht bunaithe ar eolas a sholáthar chun tionscnaimh thurasóireachta sa todhchaí a phleanáil.

Rinneadh ceithre shraith dár *Tourism Barometer Survey*, ag tomhas tuairimí an tionscail i ndáil le feidhmíocht go dtí sin sa bhliain agus cad a bhí i ndán don tionscal. Rinneadh tomhas leanúnach ar fheidhmíocht óstán agus earnálacha cóiríochta eile i rith na bliana freisin. Chomh maith leis an bpróifiliú leanúnach ar thurasóirí baile trí shuirbhéanna náisiúnta, rinneadh próifiliú ar chuairoteoirí ó thar lear freisin trí shuirbhéanna ag na príomhchalafoirt farraige agus aeir. Coimisiúnaíodh obair freisin chun monatóireacht a dhéanamh ar chomh éifeachtach is a bhí an feachtas fógraíochta saoire ag baile.

Rinneadh staidéar ollmhór ar mheoin cuairteoirí baile agus ó thar lear i leith thórdhreach na hÉireann agus na hoidhreacht nádúrtha. Rinneadh suirbhé chun a dhéanamh amach conas is féidir le bailte stairiúla cur le taithí an chuairteora agus an méid is fearr a bhaint as a gcumas turasóireachta. Rinneadh staidéar breise chun rannpháirtíocht turasóireachta sócmhainní nádúrtha a thomhas. Rinneadh obair freisin ar leibhéal na fostaíochta díri san earnáil turasóireachta agus aíochta a thomhas, lena n-áirítear riachtanais traenála.

Seachadadh roinnt measúnuithe tionchair eacnamaíochta, lena n-áirítear measúnuithe ar an *Volvo Ocean Race* agus an *World Rally Championship*. Nithe eile a ndearnadh measúnú orthu ná tionchar



eacnamaíochta féilte agus imeachtaí, tionchar dóchúil cháin aer-thaistil agus tionchar na rásaí capall in Éirinn ar an turasóireacht. Rinneadh na himpleachtaí a bheidh ag an athrú déimeagrafach in Éirinn go 2030 a mheas, mar a bhí costas ullmhú bia agus gníomhaíocht seirbhís san earnáil aíochta. Ar deireadh, rinneadh staidéar leantach ar thraenáilthe a chríochnaigh cúrsaí traenála de chuid Fáilte Ireland i rith 2008.

TURASÓIREACHT AGUS AN TIMPEALLACHT

I rith 2009 leanamar ag obair chun na prionsabail turasóireachta inbhuanaithe a chur i bhfeidhm. Ba é an fócas i 2009 ná príomhshochmhainní turasóireachta a chosaint agus cabhrú le gnóthaí turasóireachta a gcuid tomhaltas fuinnimh agus uisce a laghdú agus a gcuid dramhaíola a bhainistiú níos éifeachtaí.

Ag comhlíonadh ár róil mar chomhlacht fordaithe faoi na hAchtanna Pleanála, rinne Fáilte Ireland aighneachtaí maidir le ocht gcinn de phleananna forbartha contae agus cathrach, 35 iarratas pleanála agus 40 Measúnú Tionchar Pleanála faoi scópáil iarratas. I ngach ceann de na haighneachtaí seo, chuir Fáilte Ireland chun cinn cur chuige ó thaobh fhorbairt turasóireachta ina bhféachtar leis an tsócmhainn ar a mbraitheann an tionscal a chosaint

Ag comhlíonadh ár róil straitéisigh sa réimse seo, d'fhoilsíomar *Climate Change, Heritage and Tourism: Implications for Ireland's Coast and Inland Waterways*, i gcomhar leis an gComhairle Oidhreachta. Tógann an tuarascáil sin ar an leagan amach faoi athrú aeráide a d'fhoilsigh an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil in Aibreán 2009 agus áirítear ann moltaí conas is fearr d'Éirinn pleanáil do thionchair athrú aeráide.

D'fhoilsíomar an *Ecotourism Handbook* freisin, i gcomhar le Greenbox, mar threoir chun cuidiú le gnóthaí turasóireachta feidhmiú i dtimpeallacht ghlas. I

bhfoirseacháin eile i 2009, bhí tuarascáil a d'aithin na *100 Water Bodies of National Tourism Significance in Ireland* chomh maith le suirbhé faoi mheoin cuairteoirí faoi éileamh ar ghnóthaí turasóireachta lena mbaineann creidiúnú comhshaoil.

CONCLÚID

I rith 2009, bhí an léargas i measc oibritheoirí turasóireachta sách gruama, rud a thug le tuiscint gur oibriú chun teacht slán a bheadh i gceist. Faoi dheireadh 2009, bhí oibritheoirí ag léiriú roinnt misnigh faoin am díreach romhainn agus ar a laghad ar bith, bhí siad ag súil le roinnt buanseasmhachta le súil le sciar den mhargadh a fháil ar ais.

Ach tá an brú ar ioncaim fós dian agus, cé go bhfuil céimeanna diana tógtha ag go leor oibritheoirí chun na costais sin a bhfuil smacht acu orthu a laghdú, tá leibhéal ard leanúnach na dtáillí údarás áitiúil, costais fuinnimh agus b'fhéidir gan a bheith chomh tromchúiseach... struchtúir pá atá sriantach ag cur ualach nach bhfuil ag déanamh aon mhaith ar an tionscal.

Táimid dóchasach, ag fágáil 2009 taobh thiar dinn, go dtosóidh an turasóireacht ag borradh. Ní fhéadfaimid áfach a bheith sleamhchúiseach agus beidh Fáilte Ireland ag cur dlúis faoina gcuid iarrachtaí – ó chabhrú le gnóthaí aonair go spreagadh ar éileamh ó thomhaltóirí – le súil tacú le turasóireacht na hÉireann chun a lánchumas a bhaint amach i rith 2010.



Shaun Quinn
Príomhfheidhmeannach






Turasóireacht 2009 *Bliain i bhFigiúirí*

An Tionscal Turasóireachta agus Fáilteachais Fostaíodh beagnach 200,000 duine

Déanadh níos mó ná €5 billiún in ioncam a ghiniúint

An Margadh Baile

Rinneadh 8.3 million turas baile ag giniúint thart ar €1.4 billion i gcaiteachas.



Rátaí Sástachta

Comhlíonadh nó Sáraíodh an méid a bhí 94% de thurasóirí ó thar lear ag súil leis

Mholfadh 98% de thurasóirí ó thar lear Éire i gcomhair Saoire

Bhí 97% de dhaoine a thógann saoire ag baile sásta nó fíorshásta lena gcuid saoire ag baile.



Tacaíochtaí Gnó

Fuair 2,935 gnó turasóireachta traenáil de chuid Fáilte Ireland thar 6,874 lá traenála

Chláraigh 1,663 gnó turasóireachta lena dtionscnaimh ríomhghnó

Ghlac beagnach 300 gnó páirt i 14 Lónra Foghlama Turasóireachta ar fud na hÉireann

D'fhreastail os cionn 100 úinéir bialann, cócairí agus bainisteoirí ar Sweat the Menu, Reduce the Costs, Savour the Profits

Bhain os cionn 250 gnó leas as Seirbhís Chomhairleach agus Meantóireacht Gnó speisialtachta de chuid Fáilte Ireland

Cháiligh 80 Treoraí Turais Ceadaithe ónár gcuid Cláir Traenála Treoir do Thurasóirí

Ghlac 500 Fostaí Bialainne páirt i gclár nua bialainne Service to Sales

Cháiligh 23 Bainisteoir Sinsearach ónár gClár Forbartha Bainistíochta Feidhmiúcháin



Fáilte roimh 6.6 milliún cuairteoir ón iasacht

Cé a caitheadh thart ar €3.8 billion

Turasóireacht Gnó

Thug 120 Comhdháil Idirnáisiúnta 52,000 toscaire ó thar lear go hÉirinn
B'fhiú €72 milliún na comhdhálacha d'eacnamaíocht na hÉireann
Aithníodh 75 ambasadóir comhdhála agus spreagadh iad chun iarracht a dhéanamh a gcomhdháil idirnáisiúnta a thabhairt go hÉirinn



Féilte agus Imeachtaí

Roinneadh €3.6 million ar 161 fhéile i rith na bliana

Roinneadh os cionn €750,000 ar 121 féile áitiúil

Chlac os cionn 46% de thurasóirí ó thar lear páirt i ngnómhaochtaí cultúir–
D'fhreastail os cionn 376,000 dóibh ar fhéile Éireannach agus iad ag tabhairt cuairt ar Éirinn

D'fhreastail duine as triúr duine fásta as Éirinn nó 1.1m duine ar fhéile amháin ar a laghad in Éirinn

Infheistíodh €8m inár dTosaíocht Turasóireachta Spóirt Idirnáisiúnta

Bhí 650,000 cuairt thar thréimhse coicíse ag an Volvo Ocean Race le tionchar eacnamaíochta de €56m aige ar Ghaillimh agus ar Éirinn



Ag Cur na hÉireann Chun Cinn Mar Cheann Scríbe

Bhain ár bhfeachtas teilifíse amach 95% dár sprioc lucht fhéachana

Scaipeadh 2.5 milliún cóip den bhróisiúr séasúrach Discover Ireland agus 250,000 cóip den bhróisiúr bliantúil ar fud na hÉireann

Chás 281 ceannaitheoir ó thar lear le 300 soláthraí Éireannach ag Meitheal 2009

Éascaíodh ós cionn 1,100 iriseoir ó 21 margadh ó thar lear ar thurais phoiblíochta ar fud na hÉireann

Bhain 4,600 alt agus craoladh suntasach le luach fógraíochta measúnaithe de €162 milliún amach lucht féachana do 1.2 billiún duine



Ráiteas Corparáideach

Rialú Corparáideach

Tacaíonn Fáilte Ireland leis na caighdeáin is airde ó thaobh rialú corparáideach agus cleachtann sé iad agus cloítear go sonrach le prionsabail agus treoirlínte infheidhmithe atá sainmhínithe sa *Chód Cleachtais do Rialú Comhlachtaí Stáit*.

Comhionannas

Is fostóir comhionannas deiseanna é Fáilte Ireland. Feidhmítear gach reachtaíocht chomhionannais chuí san eagraíocht.

Sábháilteacht, Sláinte agus Leas

Cosnaíodh folláine fostaithe agus oiliúnaithe na heagraíochta trí chloí go daingean le caighdeáin sláinte agus sábháilteachta. Tá an tÚdarás sásta go gcomhlíonann an chuideachta forálacha *an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989* agus a athsholáthar – *an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005*.

Saoráil Faisnéise

Sa tréimhse atá faoi athbhreithniú, fuair Fáilte Ireland 12 iarratas faoin reachtaíocht Saoráil Faisnéise.





Comhaltaí an Údaráis 2009



Redmond O'Donoghue
Cathaoirleach



Richard Bourke



Maureen Cairnduff



Dominic Dillane



Brian Dowling



Conor Hennigan



Brian Hughes



John McDonnell

Struchtúr Rannach

Shaun Quinn
Príomhfheidhmeannach

Deirdre O'Keeffe
Forbairt
Chorparáideach

Alex Connolly
Cumarsáid

John Concannon
Forbairt
Margaidh

John Mulcahy
Gníomhú
Cuairteora &
Trádála

Aidan Pender
Forbairt
Straitéieach

Ciaran Tuite
Infheistíocht
Táirgí

Paul Keeley
Forbairt
Fiontair

Kevin Moriarty
Baile Átha Cliath

Tinreamh na gComhaltaí ar Chruinnithe Údaráis 2009

Ocht gcruinniú a thionóil an tÚdarás i rith 2009.

Comhalta	Iomlán	Comhalta	Iomlán
Redmond O'Donoghue	8	John McDonnell	8
Richard Bourke	6	Noel McGinley	8
Maureen Cairnduff	7	Pádraig Ó Céidigh **	5
Dominic Dillane	7	Patrick O Donoghue ***	2
Brian Dowling	7	Páidi Ó Sé	5
Conor Hennigan *	5	Catherine Reilly	7
Brian Hughes	7	Eithne Scott-Lennon	6

* Ceapadh Conor Hennigan chuig an Údarás an 30ú Aibreán 2009

** D'éirigh Pádraig Ó Céidigh as an 8ú Deireadh Fómhar 2009

*** D'éirigh Patrick O Donoghue as an 27 Márta 2009



Noel McGinley



Pádraig Ó Céidigh



Patrick O'Donoghue



Páidi Ó Sé



Catherine Reilly



Eithne Scott-Lennon

Deborah Nolan
Airgeadas &
Bainistiú Riosca

Denis Kelly
Acmhainní Daonna

Keith McCormack
Turasóireacht
Gnó

Brian Maher
Polasaí &
Todhchaí

Tony Lenahan
Bia, Fáilteachas &
Caighdeán

Orla Carroll
Léargas Fóilíochta
& Nuálaíochta

Kevin Kidney
Thoir agus Lár Tíre

Fiona Buckley
Iardheisceart

Paul McLoone
Iarthuaisceart

Fiona Monaghan
Thiar agus Lár Tíre

Gary Breen
Oirdheisceart



Fáilte Ireland
National Tourism Development Authority



Gníomhaíocht Traenála 2008 agus 2009

	2008	2009
Clár Scileanna Fáilte Ireland	3,970	650
Cláir bunaithe ar Thionscail	6,500	6,914
Cláir bunaithe ar Choláiste	2,175	1,997
iomlán	12,645	9,561



Uimhreacha Turasóireachta agus Ioncam

		2005	2006	2007	2008	2009
An Bhreatain	Líon (000s)	3,640	3,821	3,776	3,579	3,031
	Ioncam (€mn)	1,274.2	1,372.4	1,387.3	1,348.5	1,034.6
Mórtáir na hEorpa	Líon (000s)	1,903	2,252	2,577	2,561	2,327
	Ioncam (€mn)	1,238.6	1,354.5	1,404.7	1,517.0	1,179.7
An Ghearmáin	Líon (000s)	402	417	436	456	408
	Ioncam (€mn)	237.7	244.6	234.5	287.8	185.0
An Fhrainc	Líon (000s)	310	360	394	412	390
	Ioncam (€mn)	176.3	199.1	200.3	253.4	207.6
An Iodáil	Líon (000s)	190	248	265	232	276
	Ioncam (€mn)	124.3	149.4	168.9	157.1	157.7
An Ísiltír	Líon (000s)	157	155	155	151	134
	Ioncam (€mn)	80.4	70.8	71.6	68.3	61.3
Tíortha eile san Eoraip	Líon (000s)	844	1,073	1,327	1,310	1,119
	Ioncam (€mn)	619.9	690.6	729.4	750.4	568.1
Meiriceá Thuaidh	Líon (000s)	937	1,034	1,071	953	892
	Ioncam (€mn)	738.2	815.1	823.3	667.7	621.1
Tíortha eile Thar Lear	Líon (000s)	284	310	316	343	306
	Ioncam (€mn)	235.9	267.1	329.3	315.8	279.4
IOMLÁN THAR LEAR	Líon (000s)	6,763	7,417	7,739	7,436	6,555
	Ioncam (€mn)	3,486.9	3,809.0	3,944.6	3,849.0	3,114.8
Tuaisceart Éireann	Líon (000s)	613	626	638	636	664
	Ioncam (€mn)	178.8	189.8	202.8	210.5	209.9
Iomlán Lasmuigh de Stát	Líon (000s)	7,376	8,043	8,377	8,072	7,219
	Ioncam (€mn)	3,665.7	3,998.8	4,147.4	4,059.5	3,324.7
Cuairteanna Aon Lae Thar Lear	Ioncam (€mn)	23.3	30.3	28.6	35.5	30.3
Fáltais Iompróirí	(€mn)	583.0	663.0	726.0	686.0	524.0
MALAIRT CHOIGRÍCHE IOMLÁN	(€mn)	4,272.0	4,692.0	4,902.0	4,781.0	3,879.0
Turais Baile	Líon (000s)	7,173	7,310	7,942	8,339	8,340
	Ioncam (€mn)	1,164.5	1,375.2	1,551.0	1,546.0	1,389.8
IONCAM TURASÓIREACHTA IOMLÁN	(€mn)	5,436.5	6,067.2	6,453.0	6,327.0	5,268.8

Foinse: CSO/Fáilte Ireland/NITB

Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2009



Ráiteas ar Freagrachtaí an Údaráis

Éilíonn Alt 27 den Acht um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta 2003 ar an Údarás ráitis airgeadais a ullmhú ar bhealach a cheadóidh an tAire le toiliú an Aire Airgeadais Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, éilítear ar an Údarás:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú ar bhonn seasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh a bhíonn réasúnach agus ciallmhar;
- ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura mbíonn sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh fáilte Ireland ag feidhmiú;
- aon imeachtaí ábhartha ó chaighdeán chuntasaíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an tÚdarás freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil a léiríonn le cruinneas réasúnach ag aon tráth staid airgeadais an Údaráis agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais Alt 27 den Acht. Tá an tÚdarás freagrach chomh maith as sócmhainní Fáilte Ireland a chosaint agus as céimeanna réasúnacha a ghlacadh le cosc a chur ar chalaois agus ar neamhrialtachtaí agus iad a aimsiú.



Redmond O'Donoghue, Chairman



Dominic Dillane, Authority Member

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Tá ráitis airgeadais an Údaráis Náisiúnta Forbartha Turasóireachta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009 iniúchta agam faoin Acht um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta 2003.

Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta de na Beartais Chuntasaíochta, Cuntas Ioncaim agus Caiteachais an Ghrúpa, Ráiteas Gnóthachan agus Caillteanas Aitheanta Iomlán an Ghrúpa, Clár Comhardaithe an Ghrúpa, Clár Comhardaithe an Údaráis, Ráiteas ar Shreabhadh Airgid an Ghrúpa agus na nótaí gaolmhara.

Freagrachtaí Chomhaltaí an Údaráis agus an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste faoi seach

Tá an tÚdarás freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an Achte um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta 2003, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú. Ullmhaíonn an tÚdarás na ráitis airgeadais de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tá freagrachtaí cuntasaíochta Chomhaltaí an Údaráis leagtha amach sa Ráiteas um Fhreagrachtaí an Údaráis.

Is é m'fhreagrachta ná na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir cheanglas ábhartha dlí agus rialúcháin agus Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tuairiscím freisin cibé, dar liom, an raibh leabhair chuntais chúf coinnithe. Lena chois sin, deirim cibé an dtugann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nach leanann na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte agam agus atá riachtanach chun críocha m'iniúchta.

Scrúdaím an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais le féachaint an léirítear ann gur chomhlíon an tÚdarás an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus tuairiscím ar aon chás ábhartha nach ndéanann sé amhlaidh, nó más rud é go bhfuil an ráiteas míthreorach nó nach dtugann sé le faisnéis eile atá ar eolas agam de bharr na ráitis airgeadais a bheith iniúchta agam. Ní cheanglaítear orm a bhreithniú cibé an gclúdaíonn an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais gach priacal agus rialú airgeadais, ná teacht ar thuairim maidir le héifeachtacht na nósanna imeachta maidir le priacail agus rialú.

Léim faisnéis eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil, agus breithním cibé an dtugann sé leis na ráitis airgeadais iniúchta. Breithním na himpleachtaí do mo thuarascáil má thagaim ar an eolas faoi aon rud atá, de réir cosúlachta, ina mhíríteas nó ina neamhréireacht ábhartha leis na ráitis airgeadais.

An Bunús atá le mo Thuairim ar na Ráitis

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit. Déantar scrúdú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais a chuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais, agus leis na hidirbhearta a fhoilsítear iontu. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí an Údaráis, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

Tuairim

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, ar riocht ghnóthaí an Ghrúpa agus an Údaráis ag 31 Nollaig 2009 agus ar ioncam agus ar chaiteachas an Ghrúpa don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chúf coinnithe ag an Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

John Buckley

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste - 27 Iúil 2010

Ráiteas Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh

Thar ceann an Údaráis aithnímid ár bhfreagracht a chinntiú go gcoimeádtar agus go bhfeidhmítear córas rialaithe airgeadais inmheánaigh éifeachtach. Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnach, agus ní dearbhú iomlán a sholáthar go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaítear idirbhearta agus go dtaifeadaítear i gceart iad, agus go seachnaítear earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí nó go n-aimsítear iad laistigh de thréimhse tráthúil.

Tá céimeanna glactha ag an Údarás lena chinntiú go mbeidh timpeallacht rialaithe chuí i bhfeidhm trí:

- fhreagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir
- nósanna imeachta foirmiúla a bhunú le teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus lena chinntiú go nglacfar gníomh ceartaitheach iomchuí.

Glacadh le próiseas foirmiúil chun riosca gnó a aithint, a mheas, a mhaolú agus a bhainistiú agus áirítear leis:

- rioscaí a aithint agus cineál rioscaí
- dóchúlacht tarlaithe
- na himpleachtaí airgeadais nó eile
- na fachtóirí maolaithe
- pleananna chun na rioscaí aitheanta a bhainistiú
- monatóireacht agus tuairisciú ar an bpróiseas

Tá an córas rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar chreat oibre eolais bainistíochta rialta, ar nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear dualgais a roinnt, agus ar chóras toscaireachta agus cuntasáiochta Áirítear leis go háirithe:

- Pleananna straitéiseacha agus buiséid bhliantúla ceadaithe ag an Údarás.
- Tuarascálacha buiséid ardleibhéil a dhéanann athbhreithniú ar fheidhmíocht in aghaidh buiséid a dhéanann an tÚdarás athbhreithniú orthu ag gach cruinniú.

- Coiste Beartais Airgeadais ar a bhfuil an Príomhfheidhmeannach agus Stiúrthóirí chomh maith leis an gCeann Airgeadais, a thagann le chéile go míosúil le hiniúcadh a dhéanamh ar fheidhmíocht in aghaidh buiséid agus ar shaincheisteanna airgeadais a mbíonn tionchar acu ar an eagraíocht.
- Feidhm Iniúchta Inmheánaigh a dhéanann monatóireacht ar chomhlíonadh beartas agus nósanna imeachta agus éifeachtúlacht rialaithe inmheánacha laistigh den eagraíocht. Déanann an tIniúcháir Inmheánach tuairisciú chuig Cathaoirleach an Choiste Iniúchta agus Polasaí Riosca.
- Feidhm Bainistiú Riosca feidhmithe a dhéanann monatóireacht ar dhul chun cinn na heagraíochta maidir le riosca aitheanta sa Chlár Riosca agus a thuairiscíonn chuig an bhfeidhmeannas
- Coiste Iniúchta agus Polasaí Riosca ar a bhfuil triúr stiúrthóirí neamh-fheidhmiúcháin agus a thagann le céile thart ar cheithre uaire sa bhliain chun athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha an Iniúcháir Inmheánaigh agus ar an gClár Riosca, agus a thuairiscíonn chuig an Údarás.

Treoraíonn an tIniúcháir Inmheánach monatóireacht agus athbhreithniú an Údaráis ar éifeachtúlacht an chórais airgeadais inmheánaigh, an Coiste Iniúchta agus Polasaí Riosca a mhaoiríonn obair an Iniúcháir Inmheánaigh agus na bainisteoirí feidhmeannacha laistigh de Fáilte Ireland atá freagrach as an gcreat oibre rialaithe airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Deimhnímid, maidir leis an bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2009, go ndearna an tÚdarás athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh.



Redmond O'Donoghue, Chairman

Beartais Chuntasaíochta

Seo a leanas na beartais chuntasaíochta suntasacha ar glacadh leo sna ráitis airgeadais:-

COMHGHNÁS CUNTASAÍOCHTA

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe ar bhonn fabhraithe faoin gcomhghnás costais stairiúil - seachas Deontais Oireachtais - agus de réir phrionsabail chuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo. Glactar le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais atá molta ag na comhlachtaí cuntasaíochta aitheanta de réir mar is infheidhme dóibh.

Tá na ráitis airgeadais chomhdhlúite chomhdhéanta de ráitis airgeadais an Údaráis Náisiúnta Forbartha Turasóireachta agus a fhochuideachta Eagraíocht Turasóireacht Réigiúnach Bhaile Átha Cliath Teo déanta go dtí críocha tréimhsí a leanann ar a chéile.

DEONTAIS OIREACHTAIS

Is léiriú iad na deontais sa Chuntas loncaim agus Caiteachais ar na suimeanna a fuarthas i leith an tréimhse sin.

DEONTAIS INÍOCHTA

Aithnítear caiteachas deontais sa tréimhse ina ndéanann an faighteoir an ghníomhaíocht deontais a chruthaíonn teidlíocht don tacaíocht deontais agus a chomhlíonann coinníollacha sonraithe an deontais.

AIRGEADRA COIGRÍCHE

Déantar idirbhearta a ainmnítear in airgeadra coigríche a thiontú ina euro ag ráta caighdeánach comhaontaithe don bhliain.

Déantar gnóthachain agus caillteanais malartaithe réadaithe ar idirbhearta a socraíodh i rith na bliana a chur san áireamh sa Chuntas loncaim agus Caiteachais don bhliain. Déantar sócmhainní agus dlíteanais airgid a bhíonn ainmnithe in airgeadra coigríche a thiontú ina euro ag rátaí malartaithe a bhíonn i bhfeidhm ag dáta an Chláir Chomhardaithe agus áirítear gnóthachain

agus caillteanais a eascraíonn dá bharr i gCuntas loncaim agus Caiteachais na bliana.

SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE AGUS DÍMHEAS

Luaitear sócmhainní seasta inlámhsithe ag costas lúide dímhéas carntha. Ríomhtar dímhéas, gearrtha ar an gCuntas loncaim agus Caiteachais, chun costas sócmhainní seasta thar a saol úsáideach measta a dhíscríobh ag na rátaí bliantúla atá leagtha amach thíos:

Talamh	0%	
Áitribh	2%	Líne dhíreach
Trealamh Ríomhaireachta	33 ¹ / ₃ %	Líne dhíreach
Troscán agus Fearais	20%	Líne dhíreach
Trealamh Oiliúna	20%	Líne dhíreach
Mótarfheithiclí	20%	Líne dhíreach

SÓCMHAINNÍ INFHEISTÍOCHTA

Bíonn sócmhainní infheistíochta comhdhéanta de thalamh agus d'fhoirgnimh le luach taitneamhachta amháin agus luaitear ag costas stairiúil iad.

SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS

Áirítear gach sócmhainn airgeadais ag luach ainmniúil.

LÉASANNA OIBRÍOCHTA

Déileáiltear le híocaíochtaí cíosanna faoi léasanna oibríochta sa Chuntas loncaim agus Caiteachais mar a thabhaítear iad.

CUNTAS CAIPITIL

Is ionann an Cuntas Caipitil agus an luach ioncaim neamhamúchta a úsáidtear chun críocha caipitil. Déantar aistrithe idir cúlchistí ioncaim agus cúlchistí caipitil go bliantúil le léiriú gurb ionann maoiniú caipitil na heagraíochta, lena n-áirítear léasanna airgeadais, agus an glan-luach leabhair den sócmhainní seasta inlámhsithe.

FEICIÚNAITHE

Díscribhtear drochfhiacha atá ar eolas agus déantar soláthar sonraithe d'aon méideanna a cheaptar go mbeadh a mbailiú amhrasach.

STOIC

Luaitear stoic ag a gcostas nó a nglanluach réadaithe, cibé is lú.

COSTAIS PHINSIN

Scéimeanna Sochair Sainmhínithe

Oibríonn Fáilte Ireland scéimeanna pinsin sochair sainmhínithe a mhaoineáir go bliantúil ar bhonn fócmara thuilltear ó airgead a sholáthraíonn an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta agus ó ranníoca a asbhaintear as tuarastail foirne.

Oibríonn Fáilte Ireland dhá scéim sochair sainmhínithe freisin a riarann iontaobhaithe agus atá neamhspleách ó Fáilte Ireland.

Íocadh ranníocaíochtaí leis na scéimeanna de réir moltaí achtúirí neamhspleácha cáilithe.

Faoi Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009, aistríodh sócmhainní na Scéimeanna Pinsin seo chuig an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean ar an 31 Nollaig 2009.

